2026/1179

3.6.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1179 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Meitheamh 2026

lena ndeonaítear aitheantas san Aontas, de bhun Threoir (AE) 2017/2397, do na teastais cháilíochta sa loingseoireacht intíre ar teastais iad atá bunaithe ar scrúdú arna eagrú faoi fhreagracht údaráis riaracháin, agus do leabhair thaifid seirbhíse agus logleabhair i réimse na loingseoireachta intíre, arna n-eisiúint ag an tSeirbia

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoir 91/672/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 10(4) de Threoir (AE) 2017/2397, féadfaidh tríú tír ar bith iarraidh ar aitheantas a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le teastais cháilíochta, leabhair thaifid seirbhíse nó logleabhair a d'eisigh údaráis dá cuid. Beidh ag gabháil leis an iarraidh an fhaisnéis uile is gá lena chinneadh an bhfuil eisiúint na ndoiciméad sin faoi réir ceanglais atá comhionann leo siúd a leagtar síos sa Treoir sin.

(2) I litir dar dáta an 16 Nollaig 2022, d'iarr an tSeirbia go dtabharfaí aitheantas do theastais, leabhair thaifid seirbhíse agus logleabhair a d'eisigh údaráis dá cuid. Tar éis don Choimisiún an iarraidh ar aitheantas a fháil, thionscain sé an measúnú ar na córais deimhniúcháin sa tSeirbia.

(3) Bhí an measúnú bunaithe ar an anailís ar an doiciméadacht a cuireadh isteach agus ar thorthaí iniúchta aimsithe fíoras a rinne an Coimisiún i mBéalgrád an 28 agus an 29 Bealtaine 2024, iniúchadh lenar díríodh ar an measúnú ar na scrúduithe riaracháin (an leibhéal bainistíochta agus an leibhéal oibríochtúil) a d'eagraigh údaráis na Seirbia. Leis an iniúchadh aimsithe fíoras, rinneadh measúnú ar na nithe seo a leanas go háirithe — cur i gcrích na scrúduithe riaracháin do mháistrí báid agus do bhaill eile den chriú deice, eisiúint leabhar taifid seirbhíse do bhaill den chriú deice, logleabhar agus teastas cáilíochta, scrúduithe leighis agus eisiúint teastas leighis, agus bailíochtú amanna loingseoireachta sna leabhair thaifid seirbhíse agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le logleabhair.

(4) Rinneadh an measúnú i gcomhréir le hAirteagal 17(2), pointe (a), de Threoir (AE) 2017/2397, pointe a bhaineann le scrúduithe arna n-eagrú faoi fhreagracht údaráis riaracháin. An nós imeachta um chláir oiliúna a fhormheas de bhun Airteagal 17(2), pointe (b), de Threoir (AE) 2017/2397, níor chuid den mheasúnú é, agus ba cheart é a dhéanamh ag céim níos déanaí tar éis bhunú na hInstitiúide Oiliúna i mBéalgrád.

(5) Sainaithníodh le linn an iniúchta aimsithe fíoras roinnt réimsí ar ghá d'údaráis na Seirbia aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear easnaimh a bhain le forálacha um rialú eisiúna, bailíochta, fionraí agus tarraingt siar teastas cáilíochta. I mí na Samhna 2024, chuir údaráis na Seirbia a bhfreagra isteach, freagra inar tráchtadh do na heasnaimh a sainaithníodh.

(6) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil bearta déanta ag údaráis na Seirbia chun a áirithiú go bhfuil eisiúint na dteastas cáilíochta, na leabhar taifid seirbhíse agus na logleabhar a shonraítear in iarraidh na Seirbia faoi réir ceanglais atá comhionann leo siúd a leagtar síos i dTreoir (AE) 2017/2397, agus tá an chonclúid sin bunaithe ar thorthaí an iniúchta aimsithe fíoras, ar na freagraí a chuir an tSeirbia isteach i leith na n-easnamh, ar leasuithe comhfhreagracha ar na leabhair rialacha ábhartha agus ar fhaisnéis eile atá ar fáil.

([1]) IO L 345, 27.12.2017, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/2397/oj.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Threoir (AE) 2017/2397, agus ós rud é go n-aithníonn an tSeirbia laistigh dá dlínse doiciméid de chuid an Aontais arna n-eisiúint de bhun na Treorach sin, aon teastas cáilíochta atá bunaithe ar scrúdú arna eagrú faoi fhreagracht údarás riaracháin, leabhar taifid seirbhíse nó logleabhar a eisítear i gcomhréir le rialacha náisiúnta na Seirbia, ba cheart é a bheith bailí ar uiscebhealaí intíre uile an Aontais.

(8) An 6 Meitheamh 2024, chuir an tSeirbia iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar rochtain a fháil ar an mBunachar Sonraí Eorpach maidir le Baill Criú le haghaidh teastais cháilíochta agus leabhair thaifid seirbhíse agus ar an mBunachar Sonraí Eorpach maidir le Cabhlacha le haghaidh logleabhar.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 25(4) de Threoir (AE) 2017/2397, tríú tíortha a eisíonn teastais cháilíochta, leabhair thaifid seirbhíse nó logleabhair, féadfar rochtain ar an mbunachar sonraí a dheonú dóibh a mhéid is gá chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Threoir (AE) 2017/2397 ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le cosaint sonraí atá in Airteagal 47 de Rialachán (CE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), nach gcuireann an tríú tír teorainn le rochtain na mBallstát nó an Choimisiúin ar a bunachar sonraí comhfhreagrach agus go n-áirithíonn an Coimisiún nach n-aistríonn an tríú tír na sonraí chuig tríú tír eile ná chuig eagraíocht idirnáisiúnta gan údarú sainráite i scríbhinn ón gCoimisiún, ná faoi na coinníollacha atá sonraithe ag an gCoimisiún. Ós rud é go bhfuil gá le socruithe speisialta riaracháin de bhun Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/1725 idir an Coimisiún agus an tSeirbia chun leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí a áirithiú, ba cheart an cinneadh ón gCoimisiún maidir le rochtain ar an mBunachar Sonraí Eorpach maidir le Baill Criú agus ar an mBunachar Sonraí Eorpach maidir le Cabhlacha a sholáthar d'údaráis na Seirbia a ghlacadh ag céim níos déanaí.

(10) Cuireadh faisnéis ar fáil do na Ballstáit maidir le torthaí an mheasúnaithe.

(11) Is iomchuí, dá bhrí sin, aitheantas a thabhairt do theastais cháilíochta a eisítear ar bhonn scrúdú arna eagrú faoi fhreagracht údaráis riaracháin, do leabhair thaifid seirbhíse agus do logleabhair arna n-eisiúint ag an tSeirbia chun críocha Airteagal 10 de Threoir (AE) 2017/2397.

(12) Tá an beart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 33 de Threoir (AE) 2017/2397,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaíonn an Coimisiún aitheantas san Aontas, de bhun Airteagal 10 de Threoir (AE) 2017/2397, do na teastais cháilíochta sa loingseoireacht intíre ar teastais iad atá bunaithe ar scrúdú arna eagrú faoi fhreagracht údaráis riaracháin, agus do leabhair thaifid seirbhíse agus logleabhair i réimse na loingseoireachta intíre, arna n-eisiúint ag an tSeirbia

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).